



An Bhruiséal, 9 Feabhra 2024
(OR. en)

6174/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0341(COD)**

**CODEC 298
EF 36
ECOFIN 127
PE 17**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 260/2012 agus Rialachán (AE) 2021/1230 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro - An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 5 go dtí an 8 Feabhra 2024)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla don nós imeachta comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhoneamh teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON), Irene TINAGLI (S&D, IT) thar ceann ECON, leasú comhréitigh (leasú uimh. 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, ar ullmhaigh Michiel HOOGEVEEN (ECR, NL) dréacht-tuarascáil ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 7 Feabhra 2024, glacadh an leasú comhréitigh (leasú 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo ².

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

² Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘**■**’ a léirítear téacs a scriosadh.

P9_TA(2024)0065

Aistrithe creidmheasa meandracha in euro

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 agus Rialachán (AE) 2021/1230 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (COM(2022)0546 – C9-0362/2022 – 2022/0341(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0546),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0362/2022),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Feabhra 2023¹,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Feabhra 2023²,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorghas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 29 Samhain 2023 go ndéanfaidh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhorghas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0230/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C 106, 22.3.2023, lch. 2.

² Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Feabhra 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 agus *Treoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366* a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ IO C 146, 27.4.2023, lch. 23.

² IO C 106, 22.3.2023, lch. 2.

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Feabhra 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ foráiltear don bhunús le haghaidh an limistéir aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA). Chun coinníollacha fabhracha a chruthú maidir le hiomaíocht mhéadaithe, go háirithe maidir le híocaíochtaí ag an bpointe idirghníomhaíochta (**POI**), ba cheart tionscadal SEPA a nuashonrú go leanúnach chun nuálaíocht agus forbairtí margaidh in íocaíochtaí a léiriú, forbairt táirgí íocaíochta nua uile-Aontais a chur chun cinn, agus rochtain a éascú d'iontrálaithe nua sa mhargadh.
- (2) In 2017, comhaontaíodh scéim uile-Aontais chun aistrithe creidmheasa in euro a chur i gcrích láithreach idir soláthraithe seirbhíse íocaíochta (SSInna) faoi choimirce na Comhairle Eorpaí um Íocaíochtaí. Níor leor iarrachtaí thionscal íocaíochtaí na hEorpa chun mórúsáid d'aistrithe creidmheasa meandracha in euro a áirithiú **ar leibhéal an Aontais**. Ní fhéadfadh ach méadú forleathan tapa ar úsáid den sórt sin éifeachtaí líonra lánscála na n-aistrithe creidmheasa meandracha in euro a scaoileadh, rud as a dtiocfaidh sochair agus gnóthachain éifeachtúlachta eacnamaíocha d'úsáideoirí **seirbhísí íocaíochtaí** (USInna) agus do **SSInna**, comhchruinniú laghdaithe sa mhargadh, agus méadú ar iomaíocht agus rogha íocaíochtaí leictreonacha, go háirithe i gcás íocaíochtaí trasteorann ag **an bpointe idirghníomhaíochta**.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22).

- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 bunaíodh ceanglais theicniúla agus ghnó maidir le haistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro. Is catagóir réasúnta nua d'aistrithe creidmheasa in euro iad aistrithe creidmheasa meandracha in euro nár tháinig chun cinn sa mhargadh go dtí go raibh an Rialachán sin glactha. Is gá, dá bhrí sin, ceanglais shonracha a bhunú is infheidhme maidir le haistrithe creidmheasa meandracha in euro, de bhreis ar na ceanglais ghinearálta is infheidhme maidir le gach aistriú creidmheasa ***chun dea-fheidhmiú agus neartú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.***
- (4) ***Chun go mbeidh aistrithe creidmheasa meandracha níos inrochtana agus chun a dtairbhí a leathnú chuig USInna, ba cheart na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu a bheith in ann rialacha arb ionann iad agus na rialacha a leagtar síos sa Rialachán leasaitheach seo a chur i bhfeidhm maidir le haistrithe creidmheasa meandracha intíre ina n-airgeadra féin.***

- (5) Glacadh nó beartaíodh roinnt réitigh rialála náisiúnta cheana féin chun líon na n-aistrithe creidmheasa meandracha in euro a mhéadú, lena n-áirítear trí chosaint USInna ar chistí a sheoladh chuig íocaí neamhbheartaithe a neartú agus trí phróiseas comhlíonta na n-oibleagáidí a eascraíonn as **bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas** a shonrú. Tá riosca ilroinnte sa mhargadh inmheánach **ag baint leis na héagsúlachtaí atá idir** na réitigh rialála náisiúnta sin, bheadh costais chomhlíonta níos airde mar thoradh air de bharr tacair éagsúla de cheanglais rialála náisiúnta, agus bheadh sé níos deacra aistrithe creidmheasa láithreacha trasteorann a chur i gcrích. **Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha aonfhoirmeacha a thabhairt isteach maidir le haistrithe creidmheasa meandracha in euro, lena n-áirítear aistrithe creidmheasa meandracha trasteorann, chun cosc a chur ar bhacainní mar sin.**
- (6) Sular tháinig aistrithe creidmheasa meandracha chun cinn, ba ghnách le SSInna idirbhearta íocaíochta a chuach agus a chur faoi bhráid chóras íocaíochta miondíola chun críocha próiseála, imréitigh agus socraithe ag amanna réamhshonraithe. Mar sin féin, i gcórais íocaíochta miondíola a úsáidtear faoi láthair chun aistrithe creidmheasa meandracha in euro a phróiseáil, cuirtear idirbhearta íocaíochta isteach ina n-aonar agus déantar iad a phróiseáil lá agus oíche agus i bhfíor-am. Chun é sin a léiriú, is gá an sainmhíniú ar **an téarma** ‘córas íocaíochta miondíola’ **i Rialachán (AE) Uimh. 260/2012** a leasú.

- (7) Is réamhchoinníoll é a áirithiú go mbeidh gach PSU san Aontas in ann orduithe íocaíochta a dhéanamh le haghaidh aistrithe creidmheasa meandracha in euro, agus iad a fháil, d'fhonn méadú a chur ar úsáid na n-idirbheart sin. Faoi láthair, ní thairgeann trian ar a laghad de na SSInna san Aontas an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha in euro a sheoladh agus a fháil. Ina theannta sin, bhí an ráta ag a bhfuil aistrithe creidmheasa meandracha á dtabhairt isteach ina réimse seirbhísí ag SSInna ró-mhall le blianta beaga anuas, rud a chuireann bac ar chomhtháthú breise ***an mhargaidh inmheánaigh agus a bhaineann an bonn de uathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus a chuireann teorainn leis na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann do USInna***. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangail ar SSInna ***a sholáthraíonn an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa a sheoladh agus a fháil in euro dá gcuid USInna*** an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh agus a fháil in euro a thairiscint ***dá USInna uile. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir le gach cuntas íocaíochta a chothabhálann SSInna dá USInna, lena n-áirítear cuntais íocaíochta a bhfuil na gnéithe bunúsacha acu dá dtagraítear i dTreoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***⁵.
- (8) Chun margadh comhtháite a chruthú le haghaidh aistrithe creidmheasa meandracha in euro, tá sé fíor-riachtanach idirbhearta den sórt sin a phróiseáil i gcomhréir le tacar chomhchoiteann rialacha agus ceanglas. Trí aistriú creidmheasa meandrach in euro, féadtar cistí a chur chun sochair do chuntas an íocaí laistigh de chúpla soicind lá agus oíche. Gné intreach d'aistrithe creidmheasa meandracha is ea an infhaighteacht ***lá agus oíche*** gach lá den bhliain, ***ar cheart*** coinníollacha sonracha ***a chomhlíonadh léi, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann*** leis an tráth a nglactar orduithe íocaíochta, próiseáil, creidiúnú agus dátú luacha.

⁵ Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

- (9) *Ba cheart an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus bainc cheannais náisiúnta, nuair nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis airgeadaíochta nó mar údaráis phoiblí eile, a bheith in ann tairiscint maidir le seirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh in euro a theorannú go tréimhse ama ar lena linn a thairgeann BCE agus na bainc cheannais náisiúnta an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha in euro a sheoladh agus a fháil. Is féidir an teorannú sin a cheadú mar go bhféadfadh go mbeadh gá leis chun gur féidir le BCE nó le banc ceannais náisiúnta, mar gheall ar shainiúlachtaí a shocruithe oibríochtúla inmheánacha, Airteagal 123 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chomhlíonadh i gcónaí.*
- (10) *D'fhéadfadh rochtain theoranta ar leachtacht in euro, lasmuigh d'uaireanta gnó, a bheith ag SSIInna atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu. Dá bhrí sin, is comhréireach foráil a dhéanamh don fhéidearthacht nach n-iarrfaidh SSIInna den sórt sin an cead roimh ré óna n-údaráis inniúla an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh a sholáthar ó chuntais a ainmnítear in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit sin lasmuigh d'uaireanta gnó ach suas go dtí teorainn áirithe in aghaidh an idirbhirt. Ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann cead mar sin a thabhairt bunaithe ar a measúnú ar an rochtain atá ag SSI ar leachtacht in euro.*

- (11) D'fhéadfadh **bealaí tionscanta íocaíochta éagsúla a bheith sna Ballstáit** trína bhféadfaidh USInna ordú íocaíochta a dhéanamh le haghaidh aistriú creidmheasa in euro, mar shampla, trí bhaincéireacht ar líne, feidhmchlár móibíleach, meaisín áiritheora uathoibrithe, **teirminéal féinseirbhíse**, i mbrainse, nó ar an bhfón. Chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach USI ar aistrithe creidmheasa meandracha in euro, níor cheart go mbeadh aon difríocht ann maidir leis na **bealaí tionscanta íocaíochta** trína bhféadfaidh USInna orduithe íocaíochta a dhéanamh le haghaidh **aistrithe creidmheasa** meandracha agus aistrithe creidmheasa eile. Ina theannta sin, i gcás inar féidir le PSU pacáiste d'orduithe íocaíochta iolracha le haghaidh aistrithe creidmheasa mar phacáiste a chur faoi bhráid SSI, ba cheart a bheith in ann orduithe íocaíochta iolracha le haistrithe creidmheasa meandracha in euro a chur faoina bhráid freisin mar phacáiste. Ba cheart SSInna a bheith in ann gach aistriú creidmheasa in euro arna dtionscnamh ag a USInna a thairiscint mar **aistrithe creidmheasa meandracha in euro** trí réamhshocrú.
- (12) **Ós rud é nach bhfuil roinnt bealaí tionscanta íocaíochta, ar nós suíomhanna miondíola bainc, ar fáil lá agus oíche, ba cheart gurb é an tráth a nglactar ordú íocaíochta páipéarbhunaithe le haghaidh aistriú creidmheas meandrach an tráth a chuirtear an t-ordú íocaíochta páipéarbhunaithe isteach i gcóras inmheánach SSI an íocóra, agus ba cheart sin a dhéanamh a luaithe a bheidh bealaí tionscanta íocaíochta mar sin ar fáil.**

- (13) *I gcás ina gcuireann USI orduithe íocaíochta iolracha le haghaidh aistrithe creidmheasa meandracha faoi bhráid a SSI mar phacáiste, ba cheart don SSI sin tús a chur láithreach leis an bpacáiste sin a dhíphacáil chun idirbhearta aonair aistrithe creidmheasa meandracha a dhéanamh de. Ba cheart gurb é an tráth a bhfaightear ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach a chuirtear isteach mar chuid de phacáiste d'orduithe íocaíochta iolracha an tráth a dhéantar an t-idirbheart aonair aistrithe creidmheasa meandracha a dhéantar dá bharr a dhíphacáil, agus aon srianta acmhainneachta a bhaineann le córas íocaíochta miondíola a cuireadh in iúl do SSI an íocóra á gcur san áireamh. Díreach tar éis an t-idirbheart a díphacáil, ba cheart do SSI an íocóra an t-idirbheart aistrithe creidmheasa aonair sin a tharchur chuig SSI an íocaí. Ba cheart an tarchur sin a dhéanamh gan dochar do réitigh a d'fhéadfadh a bheith le soláthar ag córais íocaíochta miondíola lena bhféadfaí orduithe íocaíochta iolracha le haghaidh aistrithe creidmheasa meandracha mar phacáistí a chomhshó ina n-idirbhearta aonair aistrithe creidmheasa meandracha.*
- (14) *I gcás ina gcuirtear isteach ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach in euro ó chuntas íocaíochta nach n-ainmnítear in euro, ba cheart gurb é an tráth a bhfaighfear an t-ordú íocaíochta sin an tráth a chomhshónn SSI an íocóra, díreach tar éis an t-ordú le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach a dhéanamh le SSI sin, méid an idirbhirt ón airgeadra ina n-ainmnítear an cuntas íocaíochta go euro.*

- (15) **■ Ba cheart** d’institiúidí íocaíochta agus d’institiúidí airgid leictreonaigh **rannchuidiú le húsáid** aistrithe creidmheasa meandracha in euro **a éascú agus dá bhrí sin, ba cheart dóibh a bheith faoi réir cheanglais an Rialacháin leasaithe seo. Ní áirítear institiúidí íocaíochta agus institiúidí airgid leictreonaigh ar liosta na n-eintiteas a thagann faoin sainmhíniú ar an téarma ‘institiúid’ i dTreoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, áfach. Mar thoradh air sin, cuirtear cosc éifeachtach ar institiúidí íocaíochta agus institiúidí airgid leictreonaigh páirt a ghlacadh i gcórais arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun na Treorach sin. Le neamhábaltacht institiúidí íocaíochta agus institiúidí creidmheasa páirt a ghlacadh i gcóras íocaíochta leictreonaigh den sórt sin, is féidir bac a chur orthu aistrithe creidmheasa meandracha a sholáthar in euro ar bhealach éifeachtúlach iomaíoch. Dá bhrí sin, tá údar le Treoir 98/26/CE a leasú chun institiúidí íocaíochta agus institiúidí airgid leictreonaigh a áireamh ar liosta na n-eintiteas a thagann faoin sainmhíniú ar an téarma ‘institiúid’ sa Treoir sin chun rannpháirtithe i gcóras íocaíochta a shainiú agus chuige sin amháin.**

⁶ Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

- (16) *Ba cheart d'institiúidí íocaíochta agus d'institiúidí airgid leictreonaigh na ceanglais a chomhlíonadh agus na rialacha maidir le córais íocaíochta arna n-ainmniú ag Ballstáit de bhun Threoir 98/26/CE a urramú chun go mbeidh cead acu a bheith rannpháirteach sna córais sin. I bhfianaise a thábhachtaí atá rannchuidiú féideartha na n-institiúidí íocaíochta agus na n-institiúidí airgid leictreonaigh chun úsáid aistrithe creidmheasa meandracha in euro a éascú, agus a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta a athbhunú idir na bainc agus na hinstiúidí sin a luaithe is féidir, is gá spriocdháta gearr a thabhairt do na Ballstáit chun na leasuithe ar Threoir 98/26/CE a thrasú agus a chur i bhfeidhm, agus spriocdhátaí iomchuí a thabhairt dóibh chun an Rialachán leasaitheach seo a chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí íocaíochta agus institiúidí airgid leictreonaigh. Chun cothrom na Féinne cuí a áirithiú do rannpháirtithe i gcórais arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun na Treorach sin, chun cobhsaíocht agus sláine na gcóras sin a chothabháil agus chun bainistiú riosca cuimsitheach arna dhéanamh ag institiúidí íocaíochta agus ag institiúidí airgid leictreonaigh a áirithiú, is gá, i gcás na n-institiúidí íocaíochta agus na n-institiúidí airgid leictreonaigh atá ag iarraidh a bheith rannpháirteach agus atá rannpháirteach i gcórais arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Threoir 98/26/CE, forálacha áirithe de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhionsaothrú a thuilleadh⁷. Baineann na forálacha sin le cistí úsáideoirí, socruithe rialachais agus socruithe leanúnachais gnó a chosaint. Meastar go n-athbhreithneoidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leasuithe ar Threoir (AE) 2015/2366 arís nuair a mheasann siad an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa Mhargadh Inmheánach lena leasaítear Treoir 98/26/CE, agus lena n-aisghairtear Treoracha (AE) 2015/2366 agus 2009/110/CE agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.*

⁷ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

- (17) Tá USInna an-íogair maidir le leibhéal na muirear ar mhodhanna íocaíochta ionadaithe. Mar sin is féidir le leibhéal na muirear iad a stiúradh i dtreo modh íocaíochta ar leith nó ar shiúl uaidh. Sna margaí náisiúnta inar cuireadh muirir níos airde ar leibhéal na n-idirbheart i bhfeidhm ar aistrithe creidmheasa meandracha in euro i gcomparáid le muirir ar aistrithe creidmheasa eile in euro, is beag an líon a úsáideann aistrithe creidmheasa meandracha. Chuir sé sin bac ar bhaint amach mais chriticiúil na n-aistrithe creidmheasa meandracha in euro atá riachtanach chun éifeachtaí líonra iomlán a bhaint amach do SSInna agus USInna araon. Níor cheart, dá bhrí sin, go sáródh muirir den sórt sin a chuirtear i bhfeidhm ar íocóirí agus íocaithe as aistrithe creidmheasa meandracha in euro a chur i gcrích, lena n-áirítear muirir in aghaidh an idirbhirt nó muirear cnapshuime, gach cineál muirear a chuirtear i bhfeidhm ar an PSU céanna le haghaidh cineálacha comhfhreagracha aistrithe creidmheasa eile in euro. ***Ní bheadh sé inmhianaithe go rachadh SSInna timpeall ar aidhm an cheanglais sin.*** Agus cineálacha comhfhreagracha aistrithe creidmheasa á sainaithint, ba cheart go bhféadfaí critéir a úsáid lena n-áirítear ***bealach tionscanta íocaíochta*** nó an ionstraim íocaíochta a úsáidtear chun an íocaíocht a thionscain, stádas custaiméara, agus ***gnéithe nó seirbhísí breise***.

- (18) *Cuirtear deiseanna ar fáil le haistrithe creidmheasa meandracha uileláithreacha in euro chun go mbeidh SSInna in ann réitigh íocaíochta nua a fhorbairt, ar nós feidhmchlár íocaíochta móibíleach, lena n-éascaítear an úsáid a bhaintear as aistrithe creidmheasa meandracha in euro le haghaidh íocaíochtaí ag an bpointe idirghníomhaíochta. D'fhéadfaí a áireamh ar na réitigh íocaíochta sin gnéithe breise nó seirbhísí breise a thairgtear d'íocóirí agus d'íocaithe, mar shampla, tionscnamh íocaíochta, réiteach díospóidí nó aisíocaíochtaí. Ba cheart SSInna a bheith in ann cinneadh a dhéanamh i dtaca leis na muirir a ghearrtar ar ghnéithe nó ar sheirbhísí breise mar sin anuas ar an aistriú creidmheasa meandrach atá mar bhunús leo. Níor cheart réiteach íocaíochta atá bunaithe ar aistriú creidmheasa meandrach lena gcuimsítear gnéithe nó seirbhísí breise a mheas mar aistriú creidmheasa de chineál neamh-mheandrach a thairgtear gan na gnéithe ná na seirbhísí breise céanna. I gcás inar féidir le USI orduithe íocaíochta a chur isteach le haghaidh aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha gan aon ghnéithe ná seirbhísí breise, ba cheart an fhéidearthacht chéanna a bheith ar fáil i gcás aistrithe creidmheasa meandracha in euro. Ba cheart a áirithiú, ó thaobh USI de, nach mbeidh níos mó costais i gceist le haistriú creidmheasa meandrach in euro a sheoladh nó a fháil ná mar atá le haistriú creidmheasa neamh-mheandrach a sheoladh nó a fháil in euro a chuirtear ar fáil agus na gnéithe nó na seirbhísí breise céanna ann. Go háirithe, i gcás SSInna a bhfuil cineálacha éagsúla réiteach íocaíochta á dtairiscint acu nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach gurb é úsáid aistrithe creidmheas meandracha a bhíonn i gceist i gceann amháin agus gur aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha a bhíonn i gceist sa cheann eile, ba cheart dóibh a áirithiú nach mbeidh an muirear iomlán a ghearrtar ar an leagan den aistriú creidmheasa meandrach in euro níos airde ná an muirear a ghearrtar ar an leagan den aistriú creidmheas neamh-mheandrach in euro.*
- (19) *Chun go mbeidh rogha níos fearr ag USInna agus aistrithe creidmheasa meandracha á n-úsáid acu, ba cheart USInna a bheith in ann teorainn aonair a shocrú lena socrófar uasmhéid, ar bhonn laethúil nó in aghaidh an idirbhirt, is féidir leo a sheoladh trí aistrithe creidmheasa meandracha. Ba cheart USInna a bheith in ann na teorainneacha aonair sin a mhodhnú nó a bhaint tráth ar bith, gan deacracht agus le héifeacht láithreach.*

- (20) Tá slándáil ■ aistrithe creidmheasa in euro, **meandrach agus neamh-mheandrach araon**, bunriachtanach chun muinín USInna as seirbhísí chun aistrithe creidmheasa a sheoladh agus a fháil a mhéadú, agus chun a áirithiú go mbainfí úsáid astu. ■ Faoi Threoir (AE) 2015/2366, is é an t-aitheantóir uathúil, **mar a shainítear sa Treoir sin**, an t-aon chinntitheach a bhaineann le cur i gcrích ceart an idirbhirt maidir leis an íocaí, agus ní cheanglaítear ar SSInna ainm an íocaí a fhíorú. **Ba cheart bearta láidre agus cothrom le dáta chun calaois a bhrath agus a chosc a bheith i bhfeidhm ag SSInna, arna gceapadh chun nach seolfáí aistriú creidmheas chuig íocaí neamhbheartaithe mar thoradh ar chalaois nó earráid, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-íocóir in ann na cistí sin a aisghabháil sula gcuirfí chun sochair chuntas an íocaí iad. Ba cheart go mbeadh méid áirithe solúbthachta ag SSInna agus na bearta is oiriúnaí á gceapadh acu chun déileáil leis na roghanna éagsúla tionscanta íocaíochta. Níor cheart go n-eascródh muirir nó táillí breise as bearta mar sin. Ba cheart do SSInna, dá bhrí sin, seirbhís a sholáthar lena n-áirithítear an t-íocaí a fhíorú ar mian leis an íocóir aistriú creidmheasa a sheoladh chuige (seirbhís lena n-áirithítear fíorú).** Chun nach mbeidh **achrann** nó moill mhíchuí ag baint le próiseáil an idirbhirt ■ , ba cheart do SSI an íocóra **seirbhís den sórt sin a dhéanamh láithreach** tar éis don íocóir an fhaisnéis **ábhartha a sholáthar faoin íocaí agus sula dtabharfar an deis don íocóir an t-aistriú creidmheasa a údarú.**

- (21) D'fhéadfadh tréithe áirithe d'ainm an íocaí ar mian leis an íocóir aistriú creidmheasa a dhéanamh dá chuntas, **mar shampla** diacriticí nó traslitríthe féideartha difriúla ainmneacha in aibítir éagsúla, difríochtaí idir ainmneacha a úsáidtear de ghnáth agus ainmneacha a léirítear ar **dhoiciméid** fhoirmiúla, **an cás a chruthú nach mbeadh ainm an íocaí arna sholáthar ag an íocóir agus an t-ainm a bhaineann leis an aitheantóir cuntais íocaíochta, a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 (aitheantóir cuntais íocaíochta), arna sholáthar ag an íocóir, ag meaitseáil go díreach le chéile ach iad beagnach mar a chéile, mar sin féin. Sna cásanna sin**, chun **achrann** míchuí i bpróiseáil aistrithe creidmheasa in euro a sheachaint agus chun cinneadh an íocóra a éascú maidir le dul ar aghaidh leis an idirbheart atá beartaithe, ba cheart don **SSI ainm an íocaí a bhaineann leis an aitheantóir cuntais íocaíochta arna sholáthar ag an íocóir a chur in iúl don íocóir ar bhealach lena n-áirithítear go gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**⁸.

⁸ **Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).**

- (22) Trí aistriú creidmheasa a údarú i gcás *nár fíoraíodh an t-íocaí*, d'fhéadfaí na cistí a aistriú chuig íocaí neamhbheartaithe. ■ Níor cheart SSInna a chur faoi dhliteanas idirbheart a chur i gcrích d'íocaí neamhbheartaithe ar bhonn aitheantóir uathúil mícheart, mar a leagtar síos in Airteagal 88 de Threoir (AE) 2015/2366, *sa mhéid go ndéanann SSInna i gceart an tseirbhís lena n-áirítear fíorú . Mar sin féin, i gcás ina mainníonn SSInna, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse tionscanta íocaíochta, an tseirbhís sin a dhéanamh i gceart agus i gcás ina mbeidh idirbheart íocaíochta arna chur i gcrích go lochtach mar thoradh ar an mainneachtain sin, ba cheart do SSInna mar sin an méid aistrithe a aisíoc leis an íocóir gan mhoill agus, i gcás inarb infheidhme, an cuntas íocaíochta do dhochar a chur ar ais chuig an stát ina mbeadh sé murach an t-idirbheart íocaíochta a dhéanamh. Ba cheart do SSInna USInna a chur ar an eolas faoi na himpleachtaí do dhliteanas SSI agus do chearta aisíocaíochta USI a bhaineann le rogha na USInna neamhaird a dhéanamh d'fhógra arna sholáthar i gcomhréir leis an Rialachán leasaitheach seo.*

- (23) *Ba cheart an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú a chur i gcrích a mhéid is féidir i gcomhréir le tacar rialacha agus caighdeán uile-Aontais chun cur chun feidhme rianúil agus idir-inoibritheach a chothú. D'fhéadfadh eagraíochtaí a bheadh comhdhéanta de SSInna, nó a dhéanann ionadaíocht thar a gceann, an tacar rialacha agus caighdeán sin a fhorbairt.*
- (24) *Ba cheart USInna nach tomhaltóirí iad agus a chuireann bulc-orduithe íocaíochta iolracha mar phacáiste a bheith in ann diúltú don tseirbhís lena n-áirithítear fíorú a fháil tráth ar bith le linn a gcaidrimh chonarthaigh leis an SSI. Tar éis dóibh roghnú gan an tseirbhís a fháil lena n-áirithítear fíorú, ba cheart na USInna sin a bheith in ann rogha a dhéanamh leas a bhaint as an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú arís.*

- (25) Tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfaidh SSInna go héifeachtach a n-oibleagáidí a eascraíonn as **bearta sriantacha** arna nglacadh ag an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE maidir le duine, comhlacht nó eintiteas atá faoi réir reo sócmhainní nó faoi thoirmeasc cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dó, nó chun tairbhe dó, go díreach nó go hindíreach (bearta sriantacha airgeadais spriocdhírthe). Ní leagtar síos le dlí an Aontais, áfach, rialacha maidir leis an nós imeachta nó na huirlisí atá le húsáid ag SSInna chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí sin. Mar sin cuireann SSSInna modhanna éagsúla i bhfeidhm, bunaithe ar a rogha féin nó ar an treoir a sholáthraíonn na húdaráis náisiúnta lena mbaineann. Mar thoradh ar chleachtas comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as **bearta sriantacha airgeadais spriocdhírthe** tríd an íocóir agus an t-íocaí a bhfuil baint acu le gach idirbheart aistrithe creidmheasa, bídis náisiúnta nó trasteorann, a scrúdú, léirítear líon an-ard aistrithe creidmheasa mar aistrithe a bhféadfadh baint a bheith acu le daoine nó le heintitis atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírthe. Mar sin féin, tarlaíonn sé, tar éis an fhíoraithe, nach mbíonn baint ag formhór mór na n-idirbheart sin ar tugadh fógra fúthu le daoine ná le eintitis ar bith atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírthe. Mar gheall ar nádúr na n-aistrithe creidmheasa meandracha, ní féidir SSInna na hidirbhearta sin ar tugadh fógra fúthu a fhíorú, laistigh de theorainneacha gearra ama a cheanglaítear, agus, dá bharr sin, diúltaítear dóibh.

Cruthaíonn an staid sin dúshlán oibriúcháin do SSInna an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh agus a fháil a thairiscint dá gcuid USInna ar fud an Aontais ar bhealach iontaofa intuatha. Chun foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr agus chun cur le héifeachtúlacht iarrachtaí na SSInna, i gcomhthéacs aistrithe creidmheasa meandracha in euro, a n-oibleagáidí a eascraíonn as ***bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe*** a chomhlíonadh agus chun bac neamhriachtanach ar sheoladh agus ar fháil aistrithe creidmheasa ar an toirt a chosc, ba cheart do SSInna a fhíorú go tráthrialta, ar a laghad gach lá, cibé acu daoine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe iad a gcuid USInna, agus níor cheart dóibh scagadh idirbheart-bhunaithe a chur i bhfeidhm a thuilleadh ***sa chomhthéacs sonrach sin. Ní bhaineann an oibleagáid atá ar SSInna a gcuid USInna a fhíorú go tráthrialta ach le daoine nó le heintitis atá faoi réir bearta sriantacha. Tá cineálacha eile beart sriantach arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE nó bearta sriantacha nach nglactar i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE lasmuigh de raon feidhme na hoibleagáide sin.***

- (26) Chun cosc a chur le haistrithe creidmheasa meandracha ó chuntais íocaíochta ar le daoine nó le heintitis iad atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe agus chun cistí a sheoltar chuig cuntais íocaíochta mar sin a reo láithreach, ba cheart do SSInna fíoruithe a dhéanamh ar a gcuid USInna *díreach* tar éis do bheart sriantach airgeadais spriocdhírithe nua teacht i bhfeidhm. *Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le gach SSI a sheolann nó a fhaigheann aistrithe creidmheasa meandracha in euro*, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh *gach* SSI a n-oibleagáidí, ar bhealach éifeachtach, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as *bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe*. *An oibleagáid atá ar SSInna a fhíorú go tráthrialta cibé acu daoine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe iad a gcuid USInna, ní chuireann sí isteach ar ghníomhaíochtaí ba cheart do SSInna a bheith in ann a dhéanamh chun dlí an Aontais a chomhlíonadh maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, go háirithe a cheanglais rioscabhunaithe, chun bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe a chomhlíonadh, seachas reo sócmhainní nó toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE, nó bearta sriantacha nach nglactar i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE a chomhlíonadh.*

- (27) Ba cheart sáruihte ar na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo a bheith faoi réir pionós, arna bhforchur ag údaráis inniúla **nó** ag údaráis **bhreithiúnacha** na mBallstát. Ba cheart go mbeadh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun muinín fhrithpháirteach i measc SSInna agus i measc na n-údarás inniúil ábhartha a éascú i gcur chun feidhme aonfhoirmeach agus críochnúil cur chuige comhchuibhithe maidir le comhlíonadh oibleagáidí SSI a eascraíonn as **bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe**, is iomchuí go háirithe **caighdeán frithpháirteach** a chomhchuibhiú ar fud an Aontais **maidir le huasteorainn na** bpionós atá le forchur i gcás SSInna a bheith ag sárú a n-oibleagáidí chun a fhíorú cibé acu daoine nó eintitis iad a gcuid USInna atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe. **Ba cheart go bhféadfaí pionóis a ghearradh ní hamháin ar SSInna, ach freisin ar dhaoine nádúrtha atá ina gcomhaltaí de bhainistíocht shinsearach SSI nó de chomhlacht bainistíochta SSI.**

- (28) Teastaíonn dóthain ama ó na SSInna chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán leasaitheach seo a chomhlíonadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, na hoibleagáidí sin a thabhairt isteach de réir a chéile, chun go bhféadfaidh SSInna úsáid níos éifeachtúla a bhaint as a gcuid acmhainní. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an oibleagáid níos déanaí maidir leis an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh a thairiscint, agus an oibleagáid ann roimhe sin an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a fháil a thairiscint, toisc, de ghnáth, i ndáil leis an dá sheirbhís, go mbíonn sé níos costasaí agus níos casta aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh agus mar sin teastaíonn níos mó ama lena cur chun feidhme. Tá an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú ábhartha i gcás SSInna a thairgeann an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir leis an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú a thairiscint ón tráth céanna leis an oibleagáid maidir leis an tseirbhís chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh a thairiscint. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a bhaineann le muirir agus le nós imeachta comhchuibhithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí a eascraíonn as ***bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe*** a luaite a bheidh sé d'oibleagáid ar SSInna an tseirbhís íocaíochta a thairiscint chun aistrithe creidmheasa meandracha a fháil.

Ionas go bhféadfaidh SSInna atá lonnaithe i mBallstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu na hacmhainní is gá chun aistrithe creidmheasa meandracha in euro a chur chun feidhme a leithdháileadh go héifeachtúlach, ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán leasaitheach seo maidir le SSInna mar sin ó dhátaí níos déanaí ná mar a bheadh i gcás SSInna atá lonnaithe i mBallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Ba cheart go mbeadh tabhairt isteach na n-oibleagáidí éagsúla de réir a chéile mar atá i gcás SSInna atá lonnaithe sa limistéar euro. ***Má thugtar an euro isteach mar airgeadra Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige roimh na dátaí níos déanaí sin, ba cheart do SSInna sa Bhallstát sin an Rialachán leasaitheach seo a chomhlíonadh laistigh de bhliain amháin ó dhul isteach sa limistéar euro agus gan sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná na dátaí faoi seach atá sonraithe do SSInna i mBallstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu. Mar sin féin, ba cheart na SSInna sin a bheith in ann an Rialachán leasaitheach seo a chomhlíonadh tráth is luaithe ná na dátaí faoi seach a shonraítear do SSInna sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.***

(29) *Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar meastóireacht ar fhorbairt na muirear do chuntais íocaíochta agus d'aistrithe creidmheasa náisiúnta agus trasteorann agus d'aistrithe creidmheasa meandracha in euro agus in airgeadraí eile ón dáta a glacadh an togra reachtach ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin leasaithe seo, i bhfocail eile an 26 Deireadh Fómhair 2022, chun faireachán a dhéanamh ar aon éifeachtaí atá ag an Rialachán leasaithe seo ar phraghsáil cuntas, aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha agus aistrithe creidmheasa meandracha. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin ar raon feidhme agus éifeachtacht na hoibleagáide atá ar SSI a fhíorú go tréimhsiúil cibé acu daoine nó eintitis iad a gcuid USInna atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe chun bac neamhriachtanach ar aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh agus a fháil a chosc. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle freisin ina ndéanfar measúnú ar na bacainní atá fós ann ar aistrithe creidmheasa meandracha a chur i gcrích in imthosca éagsúla, lena n-áirítear íocaíochtaí ag an bpointe idirghníomhaíochta. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil sin ar leibhéal caighdeánaithe na dteicneolaíochtaí atá ábhartha d'úsáid aistrithe creidmheasa meandracha, mar shampla cóid QR, cumarsáid neasréimse (NFC) agus Bluetooth.*

- (30) Faoi Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, beidh na muirir arna gcur i bhfeidhm ag SSI atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige i leith aistrithe creidmheasa trasteorann in euro mar an gcéanna le muirir arna gcur i bhfeidhm ag an SSI sin i leith aistrithe creidmheasa náisiúnta in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit. I gcásanna ina gcuireann SSI mar sin muirir níos airde i bhfeidhm ar aistrithe creidmheasa meandracha náisiúnta san airgeadra náisiúnta ná ar aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha náisiúnta san airgeadra náisiúnta, agus dá bhrí sin muirir níos airde freisin ná mar atá ar aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha trasteorann in euro, bheadh leibhéal na muirear a gceanglófaí ar SSI den sórt sin a chur i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) 2021/1230 i leith aistrithe creidmheasa láithreacha trasteorann in euro níos airde ná na muirir ar aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha trasteorann in euro. I gcásanna mar sin, chun ceanglais a thagann salach ar a chéile a sheachaint agus ag cur san áireamh an príomhchuspóir maidir le USInna a stiúradh i dtreo aistrithe creidmheasa meandracha in euro, is iomchuí a cheangal nach sáróidh na muirir a chuirtear i bhfeidhm ar íocóirí agus ar íocaithe as aistrithe creidmheasa meandracha trasteorann in euro na muirir a chuirtear i bhfeidhm ar aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha trasteorann in euro.

⁹ Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas (IO L 274, 30.7.2021, lch. 20).

- (31) Dá bhrí sin ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 *agus Treoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366* a leasú dá réir sin.
- (32) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs aistrithe creidmheasa a sholáthar, nó an tseirbhís *lena n-áirithítear fíorú*, chomh maith le fíorú ar dhaoine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe iad USInna, ba cheart an phróiseáil sin a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Tá próiseáil ainmneacha agus aitheantóirí cuntais íocaíochta daoine nádúrtha comhréireach agus riachtanach chun idirbhearta calaoiseacha a chosc, earráidí a bhrath, agus a áirithiú go gcomhlíonfar bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe.

- (33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon na rialacha aonfhoirmeacha is gá a sholáthar maidir le haistrithe creidmheasa meandracha trasteorann in euro ar leibhéal an Aontais agus úsáid fhoriomlán na n-aistrithe creidmheasa meandracha in euro a mhéadú, a a ghnóthú go leordhóthanach toisc nach féidir leo oibleagáidí a fhorchur ar SSInna atá lonnaithe i mBallstáit eile, ach, de bharr scála **agus éifeachtaí na gníomhaíochta**, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

- (34) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ agus thug sé tuairim uaidh an **19 Nollaig 2022¹¹**,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁰ *Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí mar sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).*

¹¹ *IO C 60, 17.2.2023, lch. 12.*

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 260/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 mar a leanas :

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear na pointí seo a leanas ■ isteach:

‘(1a) ciallaíonn ‘aistriú creidmheasa inmheánach’ aistriú creidmheasa ***a chuirtear i gcrích láithreach, 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus ar aon lá féilire;***

■

- (1b) ciallaíonn ‘*cainéal tionscanta íocaíochta*’ aon mhodh, feiste nó nós imeachta trínar féidir le híocóirí **■** orduithe íocaíochta a chur *chuig* a SSI le haghaidh aistriú creidmheasa, lena n-áirítear baincéireacht ar líne, feidhmchlár baincéireachta soghluaiste, meaisín áiritheora uathoibrithe, nó ar aon shlí eile, ar áitreabh SSI;

■

- (1c) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta’ soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (18), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;
- (1d) *ciallaíonn ‘ainm an íocaí’, i leith duine nádúrtha, an t-ainm agus an sloinne agus, i leith duine dlítheanach, an t-ainm tráchtála nó dlíthiúil;*
- (1e) ciallaíonn ‘bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe’ reo sócmhainní arna fhorchur ar dhuine, ar chomhlacht nó ar eintiteas nó toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhuine nó d’eintiteas, nó chun sochair dóibh, go díreach nó go hindíreach, de bhun bearta sriantacha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE;

(1f) ciallaíonn ‘Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh’ nó ‘LEI’ cód tagartha alfa-uimhriúil uathúil atá bunaithe ar chaighdeán ISO 17442 a shanntar d’eintiteas dlíthiúil;

** Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).’;*

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘(5) ciallaíonn ‘cuntas íocaíochta’ cuntas íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (12), de Threoir (AE) 2015/2366;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (22):

‘(22) ciallaíonn ‘córas íocaíochta miondíola’ córas íocaíochta arb é a phríomhchuspóir aistrithe creidmheasa nó dochair dhíreacha ar méideanna beaga go príomha iad, agus nach córas íocaíochta mórluach é, a phróiseáil, a imréiteach nó a shocrú;’;

- (2) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 5a

Idirbhearta aistrithe creidmheasa meandracha

- 1.*** Déanfaidh SSInna a thairgeann seirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa a sheoladh agus a fháil dá gcuid USInna seirbhís íocaíochta a thairiscint dá gcuid USInna uile chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh agus a fháil.

Áiritheoidh SSInna dá dtagraítear sa chéad fhomhír go mbeidh na cuntais íocaíochta uile atá inrochtana le haghaidh aistrithe creidmheasa inrochtana freisin le haghaidh aistrithe creidmheasa meandracha 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus ar aon lá féilire.

2. *De mhaolú ar mhír 1, agus faoi réir an cead a bheith faighte roimh ré óna údaráis inniúla bunaithe ar mheasúnú na n-údarás sin ar a rochtain ar leachtacht in euro, ní bheidh sé d'oibleagáid ar SSI atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh in euro a thairiscint do USInna thar teorainn in aghaidh an idirbhirt, ó chuntais íocaíochta a ainmnítear in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit sin, le linn na tréimhse nach seolann ná nach bhfaigheann an SSI sin idirbhearta aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha in euro i ndáil leis na cuntais íocaíochta sin. Is iad na húdaráis inniúla a shocróidh an teorainn sin agus ní bheidh sí níos lú ná EUR 25 000. Féadfaidh údaráis inniúla cead ar feadh tréimhse bliana a thabhairt roimh ré arna iarraidh sin do SSI. Arna iarraidh sin do SSI, féadfaidh údaráis inniúla tréimhsí bliana breise a chur leis an gcead sin a tugadh roimh ré, tar éis do na húdaráis inniúla athmheasúnú a dhéanamh ar rochtain SSI ar leachtacht in euro. Cuirfidh na húdaráis inniúla an Coimisiún ar an eolas ar bhonn bliantúil faoi na ceadanna a tugadh roimh ré agus na síntí a tugadh i gcomhréir leis an mír seo.*

Féadfaidh BCE agus banc ceannais náisiúnta ar bith, nuair nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis airgeadaíochta nó mar údarás poiblí eile, a dtairiscint maidir le seirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh a theorannú go dtí an tréimhse ama ar lena linn a thairgeann siad an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha a sheoladh agus a fháil.

3. *D'ainneoin Airteagal 78(1), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2015/2366, is é an tráth a mbeidh ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa a fháil ag SSI an iocóra an tráth a bhfaightear é, gan beann ar an uair ná ar an lá féilire.*

D'ainneoin Airteagal 78(2) de Threoir (AE) 2015/2366, má aontaíonn an t-íocóir agus SSI an íocóra go gcuirfear i gcrích an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach ag tráth sonrach ar lá sonrach nó ag an nóiméad a chuirfidh an t-íocóir cistí ar fáil do SSI, measfar gurb é an tráth a bhfaightear an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach an tráth comhaontaithe, gan beann ar an uair nó ar an lá féilire.

De mhaolú ar an gcéad agus an dara fomhír den mhír seo, is é an tráth a bhfaighfear an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach:

- (a) i gcás ordú íocaíochta neamhleictreonaí le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach, an nóiméad a mbeidh an fhaisnéis faoin ordú íocaíochta curtha isteach ag SSI ina chóras inmheánach, rud a tharlóidh a luaithe is féidir tar éis don íocóir an t-ordú íocaíochta neamhleictreonaí le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach a dhéanamh le SSI an íocóra;*

- (b) *i gcás ordú íocaíochta aonair d'aistriú creidmheasa meandrach a bhaineann le pacáiste dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo, i gcás ina ndéanfaidh SSI an íócóra an pacáiste sin a chomhshó ina idirbhearta íocaíochta aonair, an nóiméad a ndearna SSI an íócóra an t-idirbheart íocaíochta ina dhiaidh sin a dhíphacáil; cuirfidh SSI an íócóra tús le comhshó an phacáiste díreach tar éis don íocóir an t-ordú sin a dhéanamh le SSI an íócóra agus cuirfidh an soláthraí sin an comhshó sin i gcrích a luaithe is féidir;*
- (c) *i gcás ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach ó chuntais íocaíochta nach n-ainmnítear in euro, tráth a ndearnadh méid an idirbhirt íocaíochta a chomhshó go euro; déanfar an comhshó airgeadra sin díreach tar éis don íocóir an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach a dhéanamh le SSI an íócóra.*

I

4. Agus aistrithe creidmheasa meandracha á ndéanamh acu, comhlíonfaidh SSInna, i dteannta na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 5, na ceanglais seo a leanas:
- (a) áiritheoidh SSInna go mbeidh íocóirí in ann ordú íocaíochta a dhéanamh ar aistriú creidmheasa meandrach trí na **bealaí tionscanta íocaíochta** céanna **uile** leis na bealaí trína bhfuil na híocóirí sin in ann ordú íocaíochta a dhéanamh le haghaidh aistrithe creidmheasa;
 - (b) **d'ainneoin Airteagal 83 de Threoir (AE) 2015/2366, díreach** tar éis **tráth faighte** ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach, fíoróidh **SSI an íocóra** ■ an bhfuil na coinníollacha uile is gá chun an t-idirbheart íocaíochta a phróiseáil á gcomhlíonadh agus an bhfuil na cistí riachtanacha ar fáil, déanfaidh siad an méid an idirbhirt íocaíochta a fhorchoimeád ar chuntas an íocóra **nó** é a **chur de dhochar** chuntas an íocóra agus an idirbheart íocaíochta a sheoladh **láithreach** chuig SSI an íocaí;

■

- (c) *d'ainneoin Airteagal 83 agus Airteagal 87(2) de Threoir (AE) 2015/2366, laistigh de 10 soicind ón tráth a bhfaigheann SSI an íocaí an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach ó SSI an íocóra, cuirfidh SSI an íocaí méid an idirbhirt íocaíochta ar fáil ar chuntas íocaíochta an íocaí san airgeadra ina n-ainmnítear cuntas an íocaí agus deimhneoidh sé cur i gcrích an idirbhirt íocaíochta do SSI an íocóra;*

■

- (d) *d'ainneoin Airteagal 87(1) de Threoir (AE) 2015/2366, áiritheoidh SSI an íocaí gurb ionann an dáta luacha creidmheasa do chuntas íocaíochta an íocaí agus an dáta ar a ndéanfaidh SSI an íocaí méid an idirbhirt íocaíochta a chreidiúnú do chuntas íocaíochta an íocaí; agus*

(e) *díreach tar éis an deimhniú maidir le cur i gcrích dá dtagraítear i bpointe (c) a fháil, nó i gcás nach bhfaigheann SSI an íocóra deimhniú maidir le cur i gcrích den sórt sin laistigh de 10 soicind ón tráth a bhfaightear an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach, cuirfidh SSI an íocóra an t-íocóir ar an eolas, saor in aisce, chomh maith leis an soláthraí seirbhíse tionscanta íocaíochta, i gcás inarb infheidhme, faoinar cuireadh méid an idirbhirt íocaíochta ar fáil ar chuntas íocaíochta an íocaí nó nár cuireadh.*

5. *D'ainneoin Airteagal 89 de Threoir (AE) 2015/2366, i gcás nach mbeidh teachtaireacht faighte ag SSI an íocóra ó SSI an íocaí lena ndeimhnítear gur cuireadh na cistí ar fáil ar chuntas íocaíochta an íocaí laistigh de 10 soicind ón tráth a bhfuarthas an t-ordú, cuirfidh SSI an íocóra cuntas íocaíochta an íocóra ar ais láithreach sa staid céanna ina mbeadh sé agus gan aon idirbheart a bheidh déanta.*

I

6. *Arna iarraidh sin do USI, tabharfaidh SSI an deis do USI teorainn a shocrú lena socrófar uasmhéid is féidir a sheoladh trí bhíthin aistriú creidmheasa meandrach. Féadfaidh an teorainn sin a bheith ina teorainn in aghaidh an lae nó in aghaidh an idirbhirt, de rogha USI amháin. Áiritheoidh SSInna go mbeidh USInna in ann an t-uasmhéid sin a mhodhnú tráth ar bith sula ndéanfar ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach. I gcás ina sáraíonn ordú íocaíochta USI le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach ant-uasmhéid nó i gcás ina bhfuil sé ina chúis le sárú, ní dhéanfaidh SSI an íocóra an t-ordú íocaíochta le haghaidh aistriú creidmheasa meandrach a chur i gcrích, cuirfidh sé SSI ar an eolas ina leith agus cuirfidh sé USI ar an eolas faoin gcaoi is féidir an t-uasmhéid a mhodhnú.*
7. Agus seirbhís íocaíochta á tairiscint chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh agus a fháil ■ , tabharfaidh SSInna an deis dá gcuid USInna orduithe íocaíochta iolracha a chur isteach mar phacáiste má thugann SSInna an deis sin dá gcuid USInna le haghaidh aistrithe creidmheasa eile.

Ní fhorchuirfidh SSInna teorainneacha ar líon na n-orduithe íocaíochta is féidir a chur isteach i bpacáiste d'aistrithe creidmheasa meandracha atá níos ísle ná na teorainneacha a fhorchuireann siad i leith pacáistí d'aistrithe creidmheasa eile.

8. Déanfaidh SSInna dá dtagraítear i mír 1 atá lonnaithe i mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige seirbhís íocaíochta aistrithe creidmheasa mheandarach a fháil in euro a thairiscint do USInna mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin ... [9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], agus an tseirbhís chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh in euro mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Déanfaidh SSInna dá dtagraítear i mír 1 atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige seirbhís íocaíochta aistrithe creidmheasa mheandarach a fháil in euro a thairiscint do USInna mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin ... [33 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], agus an tseirbhís chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh in euro mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin ... [39 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

De mhaolú ar an dara fómhír den mhír seo, go dtí ... [50 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ní bheidh sé d'oibleagáid ar SSI dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh a thairiscint do USInna in euro ó chuntais íocaíochta arna n-ainmniú in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit sin, le linn na tréimhse nach seolann ná nach bhfaigheann na SSInna sin idirbhearta aistrithe creidmheasa neamh-mheandracha in euro i ndáil leis na cuntais íocaíochta sin.

D'ainneoin na chéad fomhíre den mhír seo, i gcás SSInna ar institiúidí airgid leictreonaigh iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE, nó institiúidí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Threoir (AE) 2015/2366, agus atá lonnaithe i mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige, déanfaidh siad an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha in euro a sheoladh agus a fháil a thairiscint do USInna mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

D'ainneoin an dara fomhír den mhír seo, SSInna ar institiúidí airgid leictreonaigh iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE nó institiúidí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Threoir (AE) 2015/2366 agus atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, déanfaidh siad an tseirbhís íocaíochta chun aistrithe creidmheasa meandracha in euro a fháil a thairiscint do USInna mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], agus an tseirbhís maidir le haistrithe creidmheasa meandracha a sheoladh in euro mar a leagtar síos san Airteagal seo faoin ... [39 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Airteagal 5b

Muirir i leith **■** aistrithe creidmheasa meandracha *agus an t-íocaí a fhíorú*

1. Ní bheidh aon mhuirir a *thoibheoidh* SSI ar íocóirí agus íocaithe i leith *aistrithe* creidmheasa meandracha in euro a sheoladh nó a fháil níos airde ná na muirir a *thoibheoidh* SSI an SSI sin i leith *aistrithe creidmheasa eile de chineál comhfhreagrach* a sheoladh agus a fháil.
■
2. *Soláthrófar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 5c saor in aisce do USInna uile.*
3. Comhlíonfaidh SSInna atá lonnaithe i mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige an tAirteagal seo faoin ... [**9** mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Comhlíonfaidh SSIanna atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige an tAirteagal seo faoin ... [33 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. ■

Airteagal 5c

Fíorú an íocaí i gcás ■ aistrithe creidmheasa

1. ***Cuirfidh SSI an íocóra seirbhís ar fáil don íocóra lena n-áirithítear an t-íocaí a fhíorú ar mian leis an íocóir aistriú creidmheasa a sheoladh chuige (seirbhís lena n-áirithítear fíorú).***

Déanfaidh SSI an íocóra an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú a dhéanamh láithreach tar éis don íocóir faisnéis ábhartha a sholáthar faoin íocaí agus sula dtugtar an deis don íocóir an t-aistriú creidmheasa sin a údarú.

Cuirfidh SSI an íocóra an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú ar fáil gan beann ar an gcainéal tionscanta íocaíochta a úsáideann an t-íocóir chun ordú íocaíochta a chur isteach le haghaidh an aistrithe creidmheasa.

Soláthrófar an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

■

- (a) *i gcás inar chuir an t-íocóir aitheantóir cuntais íocaíochta, a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn, ainm an íocaí isteach san ordú íocaíochta don aistriú creidmheasa, soláthróidh SSI an íocóra seirbhís chun an t-aitheantóir cuntais íocaíochta a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn a mheitseáil le hainm an íocaí. Arna iarraidh sin do SSI an íocóra, fíoróidh SSI an íocaí an bhfuil an t-aitheantóir cuntais íocaíochta a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn agus ainm an íocaí arna sholáthar ag an íocóir ag meitseáil lena chéile. I gcás nach bhfuil siad ag meitseáil le chéile, cuirfidh SSI an íocóra an méid sin in iúl don íocóir, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag SSI an íocaí, agus cuirfidh sé in iúl don íocóir go bhféadfadh sé go n-aistreofaí na cistí chuig cuntas íocaíochta nach bhfuil i seilbh an íocaí arna shonrú ag an íocóir mar thoradh ar údarú an aistrithe creidmheasa. I gcás ina mbeadh ainm an íocaí arna sholáthar ag an íocóir agus ag an aitheantóir cuntais íocaíochta a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn beagnach ag meitseáil, déanfaidh SSI an íocóra ainm an íocaí a bhaineann leis an aitheantóir cuntais íocaíochta a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn a sholáthraíonn an t-íocóir a chur in iúl don íocóir;*

(b) *i gcás inar duine dlítheanach é nó í an t-íocaí agus ina dtairgfidh SSI an íocóra cainéal tionscanta íocaíochta lenar féidir leis an íocóir ordú íocaíochta a chur isteach trí aitheantóir cuntais íocaíochta, a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a sholáthar mar aon le heilimintí sonraí seachas ainm an íocaí lena sainaitheann an t-íocaí gan débhrí, mar shampla uimhir fhioscach, aitheantóir uathúil Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 16(1), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* nó LEI, agus i gcás ina mbeidh na heilimintí sonraí céanna sin ar fáil i gcóras inmheánach SSI an íocaí, fíoróidh an SSI sin, arna iarraidh sin do SSI an íocóra, an bhfuil an t-aitheantóir cuntais íocaíochta a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus an eilimint sonraí arna soláthar ag an íocóir ag meaitseáil lena chéile. I gcás nach bhfuil an t-aitheantóir cuntais íocaíochta atá sonraithe i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus an eilimint sonraí arna soláthar ag an íocóir ag meaitseáil, déanfaidh SSI an íocóra, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag SSI an íocaí, é sin a chur in iúl don íocóir;*

- (c) *I gcás ina sealbhaíonn SSI cuntas íocaíochta atá sainaitheanta trí aitheantóir cuntais íocaíochta, a shonraítear i bpointe(1)(a) den Iarscríbhinn, arna sholáthar ag an íocóir, thar ceann iliomad íocaithe, féadfaidh an t-íocóir faisnéis bhreise lena gceadaítear an t-íocaí a shainaithint gan débhrí a sholáthar do SSI an íocóra. Déanfaidh an SSI a chothabhálann an cuntas íocaíochta sin thar ceann iliomad íocaithe nó, i gcás inarb iomchuí, SSI a bhfuil an cuntas íocaíochta sin ina sheilbh aige, arna iarraidh sin do SSI an íocóra, a dheimhniú an bhfuil an t-íocaí atá léirithe ag an íocóir i measc an iliomad íocaithe a bhfuil an cuntas íocaíochta á chothabháil nó á shealbhú thar a gceann. Tabharfaidh SSI an íocóra fógra don íocóir mura bhfuil an t-íocaí arna léiriú ag an íocóir i measc an iliomad íocaithe a bhfuil an cuntas íocaíochta á chothabháil nó á shealbhú thar a cheann;*

(d) i gcásanna seachas iad siúd a bhfuil tuairisc orthu i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo, agus, go háirithe, i gcás ina soláthraíonn SSI cainéal tionscanta íocaíochta nach gceanglaíonn ar an íocóir an t-aitheantóir cuntais íocaíochta, a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn, agus ainm an íocaí araon a chur isteach, áiritheoidh SSI go ndéanfar an t-íocaí a bhfuil sé beartaithe ag an íocóir aistriú creidmheasa a sheoladh chuige a shainaithint i gceart. Chun na críche sin, cuirfidh SSI an t-íocóir ar an eolas ar bhealach a chuirfidh ar chumas an íocóra an t-íocaí a bhailíochtú sula n-údarófar an t-aistriú creidmheasa.

- 2. I gcás ina soláthróidh soláthraí seirbhíse tionscanta íocaíochta, seachas an t-íocóir, an t-aitheantóir cuntais íocaíochta a shonraítear i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn, nó ainm an íocaí, áiritheoidh an soláthraí seirbhíse tionscanta íocaíochta sin go bhfuil an fhaisnéis faoin íocaí ceart.*

3. *Déanfaidh SSInna, chun críocha mhír 1, pointe (d), agus soláthraithe seirbhíse tionscanta íocaíochta, chun críocha mhír 2, nósanna imeachta láidre inmheánacha a chothabháil, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a bhaineann le hÍocaíthe ceart.*

■

4. *I gcás orduithe íocaíochta páipéarbhunaithe, déanfaidh SSI an íocóra an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú tráth a bhfaightear an t-ordú íocaíochta, ach amháin mura mbeidh an t-íocóir i láthair tráth a bhfaightear é.*

■

5. Áiritheoidh SSISInna nach gcuirfidh *feidhmiú na seirbhíse lena n-áirithítear fíorú agus an tseirbhís a thuairiscítear i mír 2* cosc ar íocóirí an **■** t-aistriú creidmheasa lena mbaineann a údarú.

■

6. *Soláthróidh SSInna na modhanna do USInna nach tomhaltóirí iad* chun rogha a dhéanamh gan an tseirbhís, *lena n-áirithítear fíorú a fháil agus orduithe íocaíochta iolracha á gcur isteach acu mar phacáiste.*

Áiritheoidh SSInna go mbeidh sé de cheart ag USInna a roghnaigh gan an *tseirbhís* lena n-áirithítear fíorú a fháil, a roghnú *tráth ar bith* an tseirbhís sin a fháil.

7. *Aon uair a thugann SSI an íocóra fógra don íocóir i gcomhréir le mír 1, pointe (a), (b) nó (c), cuirfidh an SSI sin in iúl don íocóir ag an am céanna go bhféadfadh sé go n-aistreofaí na cistí chuig cuntas íocaíochta nach bhfuil i seilbh an íocaí arna shonrú ag an íocóir mar thoradh ar **údarú an aistrithe creidmheasa**. Soláthróidh SSI an fhaisnéis sin do USI **nach tomhaltóir é nó í nuair a roghnaíonn an USI sin gan an tseirbhís lena n-áirithítear fíorú a fháil agus orduithe íocaíochta iolracha á gcur isteach mar phacáiste**. Cuirfidh SSInna a USInna ar an eolas faoi na himpleachtaí ar dhliteanas SSI agus ar chearta aisíocaíochta USI a eascraíonn as cinneadh ó USInna neamhaird a dhéanamh d'fhógra dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c).*

8. *Ní bheidh SSI faoi dhliteanas i leith aistriú creidmheasa chuig íocaí neamhbheartaithe a chur i gcrích ar bhonn aitheantóir uathúil mícheart, mar a leagtar síos in Airteagal 88 de Threoir (AE) 2015/2366, ar choinníoll go bhfuil ceanglais an Airteagail seo comhlionta aige.*

I gcás ina mainníonn SSI an íocóra mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, nó i gcás ina mainníonn an soláthraí seirbhíse tionscanta íocaíochta mír 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh, agus i gcás ina mbeidh idirbheart íocaíochta arna chur i gcrích go lochtach mar thoradh ar an mainneachtain sin, déanfaidh SSI an íocóra an méid a aistriódh a aisíoc gan mhoill leis an íocóir agus, i gcás inarb infheidhme, an cuntas íocaíochta do dhochar a chur ar ais sa staid céanna ina mbeadh sé agus gan aon idirbheart a bheidh déanta.

I gcás ina dteipeann ar SSI an íocaí, nó ar an soláthraí seirbhíse tionscanta íocaíochta, a oibleagáidí faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, déanfaidh SSI an íocaí nó, i gcás inarb ábhartha, an soláthraí seirbhíse tionscanta íocaíochta, SSI an íocóra a chúiteamh as an damáiste airgeadais a rinneadh do SSI an íocóra mar gheall ar an mainneachtain sin.

Féadfar aon chaillteanas breise airgeadais a tharlaíonn don íocóir a chúiteamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh arna thabhairt i gcrích idir an t-íocóir agus SSI ábhartha.

9. Comhlíonfaidh SSInna atá lonnaithe i mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige an tAirteagal seo faoin ... [**18** mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Comhlíonfaidh SSInna atá lonnaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige an tAirteagal seo faoin ... [**39** mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. ■

Airteagal 5d

Scagadh USInna ag SSInna a thairgeann aistrithe creidmheasa meandracha ***chun a fhíorú cibé acu duine nó eintiteas é nó í USI atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe***

1. Fíoróidh SSInna ***a thairgeann*** aistrithe creidmheasa meandracha an daoine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe iad aon cheann dá gcuid USInna.

Déanfaidh SSInna fíoruithe den sórt sin díreach tar éis theacht i bhfeidhm aon bhearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe nua, agus díreach tar éis theacht i bhfeidhm aon leasuithe ar na bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe sin, agus uair amháin ar a laghad gach lá féilire.

2. Le linn aistriú creidmheasa meandrach a chur i gcrích, ní dhéanfaidh SSI an íocóra SSI an íocaí a bhfuil baint acu leis an aistriú creidmheasa meandrach sin a chur i gcrích a fhíorú cibé acu an t-íocóir nó an t-íocaí lena n-úsáidtear a chuntais íocaíochta chun an t-aistriú creidmheasa meandrach sin a chur i gcrích daoine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe sa bhreis ar fhíoruithe a dhéanamh faoi mhír 1 den Airteagal seo.

Tá an chéad fhomhír den mhír seo gan dochar do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag SSInna chun bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe a chomhlíonadh, seachas bearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe, arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE, le bearta sriantacha nach nglactar i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE, nó le dlí an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

I

3. Comhlíonfaidh SSInna an tAirteagal seo faoin ...[9 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

- * Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).”;

I

(3) in Airteagal 11, cuirtear na míreanna seo ■ a leanas isteach:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh na Ballstáit, faoin ... [**12** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar Airteagail 5a go 5d agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Déanfaidh na Ballstáit, faoin ... [**12** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

- 1b. Maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar Airteagal 5d, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sna pionóis sin:
- (a) i gcás duine dlítheanach, fineálacha riaracháin ***uasta*** dar luach 10 % ***ar a laghad*** de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimhe sin;
 - (b) i gcás duine nádúrtha, fineálacha riaracháin ***uasta*** dar luach EUR 5 000 000 ***ar a laghad***, nó an méid coibhéiseach san airgeadra náisiúnta sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu an... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]. ■

Chun críocha phointe (a) ***den mhír seo***, i gcás inar fochuideachta de mháthairghnóthas an duine dlítheanach mar a shainmhínítear i Airteagal 2, pointe (9), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó ó aon ghnóthas a bhfuil tionchar ceannasach aige go héifeachtach ar an duine dlítheanach sin, is é a bheidh sa láimhdeachas ábhartha an láimhdeachas a thig ó chuntais chomhdhlúite an mháthairghnóthais deiridh sa bhliain ghnó roimhe sin.

■

- 1c. Ní chuirfear na pionóis dá dtagraítear i mír 1d den Airteagal seo i bhfeidhm i leith sáruiithe ar an gceanglas inrochtaineachta in Airteagal 5a(1), an dara fomhír, i gcás nach féidir teacht ar na cuntais íocaíochta arna gcothabháil ag SSInna le haghaidh aistrithe creidmheasa meandracha mar gheall ar chothabháil phleandúilte i gcás ina bhfuil tréimhsí neamh-infhaighteachta intuartha agus gearr nó tráth neamhfhónaimh atá beartaithe maidir le gach aistriú creidmheasa meandrach faoin scéim íocaíochta ábhartha, ar choinníoll gur cuireadh USInna ar an eolas roimh ré faoi na tréimhsí cothabhála beartaithe nó tráth neamhfhónaimh sin atá beartaithe.**
- 1d. De mhaolú ar mhír 1b, i gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí an Bhallstáit maidir le pionóis riaracháin, féadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm ar bhealach go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an pionós a thionscnamh agus go bhforchuirfidh na húdaráis bhreithiúnacha é, agus é á áirithiú go mbeidh an pionós sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus go mbeidh éifeacht aige atá coibhéiseach leis na pionóis riaracháin arna bhforchur ag údaráis inniúla na mBallstát ina bhforáiltear do phionóis riaracháin lena gcórais dlí. Ar aon chaoi, beidh na pionóis a fhorchuirfear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Na Ballstáit sin nach ndéanann a gcóras dlí foráil maidir le pionóis riaracháin, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoina bpionóis sin faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] agus tabharfaidh sé fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.**

* Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

Airteagal 15

Athbhreithniú

- 1.** Faoi 1 Feabhra 2017, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, BCE agus ÚBE lena ngabhfaidh togra, más iomchuí.
- 2.** ***Faoi ... [54 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach. Beidh meastóireacht sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas:***
 - (a)** ***forbairt muirear ar chuntais íocaíochta agus aistrithe creidmheasa náisiúnta agus trasteorann agus aistrithe creidmheasa meandracha in euro agus in airgeadra náisiúnta na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu ón 26 Deireadh Fómhair 2022, lena n-áirítear tionchar Airteagal 5b(1) ar na muirir sin; agus***
 - (b)** ***raon feidhme Airteagal 5d agus a éifeachtacht chun bac neamhriachtanach ar aistrithe creidmheasa meandracha a chosc.***

I

3. *Tuairisceoidh SSInna dá n-údaráis inniúla maidir leis an méid a leanas:*

- (a) leibhéal na muirear le haghaidh aistrithe creidmheasa, aistrithe creidmheasa meandracha agus cuntais íocaíochta;*
- (b) sciar na ndiúltaithe, leis féin le haghaidh íocaíochtaí náisiúnta agus trasteorann, mar thoradh ar bhearta sriantacha airgeadais spriocdhírithe.*

Tíolacfaidh SSInna na tuarascálacha sin gach 12 mhí. Tíolacfar an chéad tuarascáil an ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] agus áireofar inti faisnéis faoi leibhéal na muirear agus faoi dhiúltuithe le linn na tréimhse dar tús an 26 Deireadh Fómhair 2022 go dtí deireadh na bliana féilire roimhe sin.

4. *Faoin...[18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], agus go bliantúil ina dhiaidh sin, soláthróidh na húdaráis inniúla don Choimisiún agus do ÚBE an fhaisnéis a thuairiscíonn SSInna dóibh faoi mhír 3, mar aon leis an bhfaisnéis maidir le méid agus luach na n-aistrithe creidmheasa meandracha in euro, idir náisiúnta agus trasteorann, a sheol SSInna atá bunaithe ina mBallstát le linn na bliana féilire roimhe sin.*
5. *Forbróidh ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun teimpléid aonfhoirmeacha don tuairisciú, treoracha agus modheolaíocht a shonrú maidir le conas na teimpléid tuairiscithe sin a úsáid chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear i mír 3.*

Cuirfidh ÚBE na dréacht-chaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [2 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

6. *Déanfaidh an Coimisiún, faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na bacainní atá fós ann maidir le hinfhaighteacht agus úsáid aistrithe creidmheasa meandracha. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin ar leibhéal caighdeánaithe na dteicneolaíochtaí atá ábhartha i ndáil le haistrithe creidmheasa meandracha a úsáid. Féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí.’;*

(5) in Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

I

- ‘9. *Má thugtar an euro isteach mar airgeadra Ballstáit roimh an ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], comhlíonfaidh SSInna an Bhallstáit sin Airteagail 5a, 5b agus 5c laistigh de bhliain amháin ón dáta ar tugadh an euro isteach mar airgeadra an Bhallstáit sin agus gan sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná na dátaí faoi seach a shonraítear sna hAirteagail sin do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta nach bhfuil an euro mar airgeadra acu. Mar sin féin, ní cheanglófar ar SSInna den sórt sin Airteagail 5a, 5b agus 5c a chomhlíonadh tráth is luaithe ná na dátaí faoi seach a shonraítear sna hAirteagail sin do SSInna sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.’*

Airteagal 2
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1230

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1230 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas **leis**:

‘5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo i gcás ina gceanglófaí le hAirteagal 5b(1) de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 *ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*^{*} ar sholáthraí seirbhíse íocaíochta atá lonnaithe i mBallstát *nach bhfuil* an euro *mar airgeadra aige*, maidir le haistriú creidmheasa meandrach, muirear a thobhach a bheadh níos ísle ná an muirear a thoibheofaí, maidir leis an aistriú *creidmheasa meandrach* céanna, dá gcuirfí mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm.

Chun críocha na chéad fhomhíre *den mhír seo*, ciallaíonn an téarma ‘aistriú creidmheasa meandrach’ aistriú creidmheasa meandrach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1a), de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, atá in euro agus trasteorann.

^{*} Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22).’;

(2) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta muirir a thobhach sa bhreis ar na muirir a toibhíodh i gcomhréir le hAirteagal 3(1) den Rialachán seo ar úsáideoir na seirbhíse íocaíochta i gcás ina dtreoraíonn an t-úsáideoir sin don soláthraí seirbhíse íocaíochta íocaíocht trasteorann a chur i gcrích gan an IBAN a chur in iúl agus i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, an BIC gaolmhar le haghaidh an chuntais íocaíochta sa Bhallstát eile. Beidh na muirir sin iomchuí agus i gcomhréir leis na costais. Aontófar iad idir an soláthraí seirbhíse íocaíochta agus úsáideoir na seirbhíse íocaíochta. Cuirfidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta úsáideoir na seirbhíse íocaíochta ar an eolas maidir le méid na muirear breise in am agus i dtráth sula mbeidh úsáideoir na seirbhíse íocaíochta faoi cheangal ag comhaontú den chineál sin.’

I

Airteagal 3
Leasuithe ar Threoir (AE) 2015/2366

Leasaítear Treoir (AE) 2015/2366 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(1):

‘1. Ceanglóidh na Ballstáit nó na húdaráis inniúla ar institiúidí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i bpointe (1) go pointe (6) d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus ar institiúidí airgid leictreonaigh a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE gach ciste a fuarthas ó na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta nó trí sholáthraí seirbhísí íocaíochta eile a choimirciú chun idirbhearta íocaíochta a chur i gcrích, ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) *ní dhéanfar cistí a mheascadh aon tráth le cistí de chuid aon duine nádúrtha nó dlítheanach seachas úsáideoirí seirbhíse íocaíochta a bhfuil na cistí á sealbhú thar a gceann agus, i gcás ina mbeidh siad fós á sealbhú ag an institiúid íocaíochta nó ar institiúid airgid leictreonaigh agus nach mbeidh siad seachadta fós don íocaí ná aistrithe chuig soláthraí seirbhíse íocaíochta eile faoi dheireadh an tseisiúin trádála tar éis an lae ar a bhfuarthas na cistí, taiscfear iad i gcuntas ar leithligh in institiúid creidmheasa nó i mbanc ceannais de rogha an bhainc ceannais sin nó déanfar iad a infheistiú i sócmhainní sábháilte, leachtacha ísealriosca mar a shaineoidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile; agus déanfar iad a chosaint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar mhaithe leis na húsáideoirí seirbhíse íocaíochta, ar na héilimh a dhéanfaidh creidiúnaithe eile de chuid na hinstitiúide íocaíochta, go háirithe i gcás dócmhainneachta;*

(b) beidh cistí faoi chumhdach ag polasaí árachais nó ag ráthaíocht inchomparáide éigin eile ó chuideachta árachais nó ó institiúid creidmheasa, nach mbaineann leis an ngrúpa céanna leis an institiúid íocaíochta nó an institiúid airgid leictreonaigh féin, le haghaidh méid is ionann agus an méid a bheadh leithscartha in éagmais an pholasaí árachais nó na ráthaíochta inchomparáide eile is infíoctha i gcás nach mbeidh an institiúid íocaíochta nó an institiúid airgid leictreonaigh in ann a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh.’;

(2) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le córais íocaíochta atá comhdhéanta go heisiach de sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ar cuid de ghrúpa iad.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- ‘3. *Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gceadóidh rannpháirtí i gcóras íocaíochta arna ainmniú faoi Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle do sholáthraí seirbhíse íocaíochta atá údaraithe nó cláraithe, agus nach rannpháirtí sa chóras é, orduithe aistrithe a chur tríd an gcóras, tabharfaidh an rannpháirtí sin, arna iarraidh sin air, an deis chéanna, ar bhealach oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta eile atá údaraithe nó cláraithe, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.*

Soláthróidh an rannpháirtí na cúiseanna iomlána le haon diúltú don soláthraí seirbhíse íocaíochta iarrthach.

** Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).’;*

(3) *cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:*

‘Airteagal 35a

Coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcórais íocaíochta arna n-ainmniú a iarraidh

1. *Mar choimirce do chobhsaíocht agus do shláine córas íocaíochta, beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm ag institiúidí íocaíochta agus ag institiúidí airgid leictreonaigh a iarrfaidh rannpháirtíocht agus atá rannpháirteach i gcórais arna n-ainmniú faoi Threoir 98/26/CE:*
 - (a) *tuairisc ar na bearta a dhéantar chun cistí úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a choimirciú;*
 - (b) *tuairisc ar shocruithe rialachais agus sásraí rialaithe inmheánaigh, a bhaineann le hAirteagail 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, do na seirbhísí íocaíochta nó na seirbhísí airgid leictreonaigh a bhfuil sé beartaithe aige a sholáthar, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin, bainistithe riosca agus cuntaíochta na n-institiúidí íocaíochta nó na n-institiúidí airgeadais leictreonaigh agus tuairisc ar shocruithe maidir le húsáid seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide na h-institiúide íocaíochta nó na h-institiúide airgid leictreonaigh; agus*

(c) plean foirceanta i gcás teipe.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), den mhír seo:

- (a) i gcás ina ndéanfaidh an institiúid íocaíochta nó an institiúid airgid leictreonaigh cistí úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a choimirciú trí chistí a thaisceadh i gcuntas ar leithligh in institiúid creidmheasa nó trí bhíthin infheistíocht i sócmhainní slána, leachtacha ísealriosca mar a shaineoidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile, beidh an méid seo a leanas, de réir mar is infheidhme, sa tuairisc ar na bearta a dhéanfar maidir leis an gcoimirciú sin:*
- (i) tuairisc ar an mbeartas infheistíochta chun a áirithiú go bhfuil na sócmhainní a roghnaítear leachtach, slán agus ísealriosca,;*
- (ii) an líon daoine a bhfuil rochtain acu ar an gcuntas coimirce agus a bhfeidhmeanna;*

- (iii) tuairisc ar an bpróiseas riaracháin agus réitigh chun a áirithiú go ndéanfar cistí úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a chosaint ar mhaithe leis na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta ar na héilimh a dhéanfaidh creidiúnaithe eile de chuid na hinstitiúide íocaíochta nó na hinstitiúide airgid leictreonaigh, go háirithe i gcás dócmhainneachta;*
- (iv) cóip den dréacht-chonradh leis an institiúid creidmheasa;*
- (v) dearbhú sainráite ón institiúid íocaíochta nó ón institiúid airgid leictreonaigh maidir le hAirteagal 10 den Treoir seo a chomhlíonadh;*

- (b) *i gcás ina ndéanfaidh an institiúid íocaíochta nó an institiúid airgid leictreonaigh cistí an úsáideora seirbhísí íocaíochta a choimirciú trí pholasaí árachais nó trí ráthaíocht inchomparáide ó chuideachta árachais nó institiúid creidmheasa, beidh an méid seo a leanas sa tuairisc ar na bearta a dhéantar maidir le coimirciú den sórt sin:*
- (i) *dearbhu gur ó eintiteas nach cuid den ghrúpa céanna gnólachtaí leis an institiúid íocaíochta nó le hinstitiúid airgid leictreonaigh atá an polasaí árachais nó an ráthaíocht inchomparáide ó chuideachta árachais nó ó institiúid creidmheasa;*
 - (ii) *sonraí den phróiseas réitigh atá i bhfeidhm chun a áirithiú gur leor an polasaí árachais nó an ráthaíocht inchomparáide chun oibleagáidí coimirce na hinstitiúide íocaíochta nó na hinstitiúide airgid leictreonaigh a chomhlíonadh i gcónaí;*
 - (iii) *fad agus téarmaí athnuachan an chumhdaigh;*
 - (iv) *cóip den chomhaontú árachais nó den ráthaíocht inchomparáide, nó dréachtaí díobh.*

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), léireofar sa tuairisc go bhfuil na socruithe rialachais, na sásraí rialaithe inmheánaigh agus na socruithe maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear sa phointe sin comhréireach, iomchuí, fóna agus leordhóthanach. Ina theannta sin, áireofar sna socruithe rialachais agus sna sásraí rialaithe inmheánaigh an méid seo a leanas :

- (a) mapáil ar na rioscaí arna sainaitheint ag an institiúid íocaíochta nó ag an institiúid airgid leictreonaigh, lena n-áirítear an cineál riosca atá ann agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an institiúid íocaíochta nó ag an institiúid airgid leictreonaigh chun na rioscaí sin a mheasúnú agus a chosc;*
- (b) na nósanna imeachta éagsúla chun rialuithe tréimhsiúla agus buana a dhéanamh, lena n-áirítear an mhinicíocht agus na hacmhainní daonna a leithdháiltear;*
- (c) na nósanna imeachta cuntasáíochta lena ndéanann an institiúid íocaíochta nó an institiúid airgid leictreonaigh a faisnéis airgeadais a thaifeadadh agus a thuairisciú;*

- (d) *céannacht an duine nó na ndaoine atá freagrach as na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear rialú tréimhsiúil, buan agus don chomhlíonadh, chomh maith le curriculum vitae cothrom le dáta an duine sin nó na ndaoine sin;*
- (e) *céannacht aon iniúchóra nach iniúchóir reachtúil é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 2, de Threoir 2006/43/CE;*
- (f) *comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta agus, más infheidhme, comhdhéanamh aon chomhlachta formhaoirseachta nó aon choiste eile;*
- (g) *tuairisc ar an gcaoi a ndéantar faireachán agus rialú ar fheidhmeanna seachfhoinsithe chun lagú ar cháilíocht rialuithe inmheánacha na hinstitiúide íocaíochta nó na hinstitiúide airgid leictreonaigh a sheachaint;*

- (h) tuairisc ar an gcaoi a ndéantar faireachán agus rialú ar aon ghníomhaire nó brainsí faoi chuimsiú rialuithe inmheánacha na hinstitiúide íocaíochta nó na hinstitiúide airgid leictreonaigh;*
- (i) i gcás ina bhfuil an institiúid íocaíochta nó an institiúid airgid leictreonaigh ina fochuideachta d'eintiteas rialáilte i mBallstáit eile, tuairisc ar rialachas an ghrúpa.*

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c), déanfar an plean foirceanta a oiriúnú do mhéid agus do shamhail ghnó bheartaithe an na hinstitiúide íocaíochta nó na hinstitiúide airgid leictreonaigh agus áireofar ann tuairisc ar na bearta maolaithe atá le glacadh ag an institiúid íocaíochta nó ag an institiúid airgid leictreonaigh, i gcás ina bhfoirceannfaí a sheirbhísí íocaíochta, lena n-áirítíofaí go ndéanfaí idirbhearta íocaíochta atá ar feitheamh a chur i gcrích agus conarthaí atá ann cheana a fhoirceannadh.

2. *Saineoidh na Ballstáit an nós imeachta lena ndéanfar comhlíonadh mhír 1 a mheasúnú. Féadfaidh an nós imeachta sin a bheith i bhfoirm féinmheasúnaithe, i bhfoirm ceanglais maidir le cinneadh sainráite ón údarás inniúil, nó i bhfoirm aon nós imeachta eile a bhfuil sé d’aidhm aige a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hinstiúidí íocaíochta agus na hinstiúidí airgid leictreonaigh lena mbaineann mír 1.*

* *Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).’.*

Airteagal 4

Leasuithe ar Threoir 98/26/CE

I dTreoir 98/26/CE, leasaítear Airteagal 2 mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ciallóidh ‘instiúid’:

— instiúid chreidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-áirítear na heintitis atá liostaithe in Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE;*

I

- *gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** , seachas na hinstitiúidí a leagtar amach in Airteagal 2(1) di;*
 - *údaráis phoiblí agus gnóthais atá ráthaithe go poiblí; nó*
 - *aon ghnóthas a bhfuil a cheannoifig lasmuigh den Aontas agus a bhfuil a fheidhmeanna ar aon dul le feidhmeanna institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta de chuid an Aontais a shainmhínítear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc,*
- atá rannpháirteach i gcóras, agus atá freagrach as na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as orduithe aistrithe laistigh den chóras sin a chomhlíonadh;*

- *institiúid íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{***}, cé is moite de dhuine nádúrtha nó dlítheanach a thairbhíonn de dhíolúine de bhun Airteagal 32 nó Airteagal 33 den Treoir sin; nó*
- *institiúid airgid leictreonaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{****}, cé is moite de dhuine dlítheanach a thairbhíonn de tharscaoileadh faoi Airteagal 9 den Treoir sin,*

atá rannpháirteach i gcóras arb é atá i gceist lena ghnó orduithe aistrithe a chur i gcrích mar a shainmhínítear i bpointe (i), an chéad fhleasc, agus atá freagrach as na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as orduithe aistrithe den sórt sin laistigh den chóras sin a chomhlíonadh.

Más rud é go ndéantar maoirseacht ar chóras i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus nach gcuirtear i gcrích ach orduithe aistrithe mar a shainmhínítear i bpointe (i), an dara fleasc, mar aon le híocaíochtaí a eascraíonn as orduithe den sórt sin, féadfaidh Ballstát a chinneadh gur féidir glacadh leis gur institiúidí iad na gnóthais atá rannpháirteach i gcóras den sórt sin agus atá freagrach as na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as orduithe aistrithe laistigh den chóras sin a chomhlíonadh, ar choinníoll go gcumhdaítear trí rannpháirtí ar a laghad sa chóras sin leis na catagóirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo agus go bhfuil údar le cinneadh den sórt sin ar fhorais riosca shistéamaigh;

** Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).*

*** Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).*

Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh, leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) ciallóidh ‘rannpháirtí’ institiúid, contrapháirtí lárnach, gníomhaire socraíochta, teach imréitigh, oibreoir córais nó comhalta imréitigh de chontrapháirtí lárnach arna údarú de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

De réir rialacha an chórais, féadfaidh an rannpháirtí céanna gníomhú mar chontrapháirtí lárnach, mar ghníomhaire socraíochta nó mar theach imréitigh, nó féadfaidh sé cuid de na cúraimí sin nó na cúraimí uile sin a dhéanamh.

Féadfaidh Ballstát, chun críocha na Treorach seo, a mheas go bhfuil rannpháirtí indíreach ina rannpháirtí i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin ar fhorais riosca shistéamaigh, rud nach gcuirfidh teorainn, áfach, le freagracht an rannpháirtí trína n-aistríonn an rannpháirtí indíreach orduithe aistrithe chuig an gcóras;’.

Airteagal 5

Trasuí leasuithe ar Threoracha (AE) 2015/2366 agus 98/26/CE

Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh, a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm chun Airteagail 3 agus 4 chomhlíonadh, faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Rialachán seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tsli le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

Airteagal 6
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in ***Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.***

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán